2024/793

7.3.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/793 ÓN gCOIMISIÚN

an 6 Márta 2024

lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2180 ón gCoimisiún lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/607 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid chitrigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna leathnú chun allmhairí aigéid chitrigh a chuirtear chun bealaigh ón Malaeisia a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú 'onnmhaireora nua' de bhun Airteagal 11(4) den Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad [1] (an bun-Rialachán), agus go háirithe Airteagal 11(4) agus Airteagal 14(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1193/2008 [2] d'fhorchuir an Chomhairle dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí aigéid chitrigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín' nó 'an tír lena mbaineann') ('na bearta bunaidh'). Bhí na bearta i bhfoirm dhleacht *ad valorem* idir 6,6 % agus 42,7 %.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/82 [3] chuir an Coimisiún síneadh cúig bliana leis na bearta frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí aigéid chitrigh de thionscnamh na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 [4] ón gComhairle agus rinne sé athbhreithniú ar na bearta tar éis páirt-athbhreithniú eatramhach de bhun Airteagal 11(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feihme (AE) 2021/607 [5], chuir an Coimisiún síneadh 5 bliana leis na bearta frithdhumpála cinntitheacha ar allmhairí aigéid chitrigh de thionscnamh na Síne arna leathnú chun allmhairí aigéid chitrigh a chuirtear chun bealaigh ón Malaeisia a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú éaga.

(4) An 31 Eanáir 2023, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/185 [6], ('an Rialachán Tionscnaimh'), thionscain an Coimisiún athbhreithniú 'onnmhaireora nua' maidir leis an táirgeoir onnmhairiúcháin Seven Star Lemon Technology co., Ltd ('Seven Star') i gcomhréir le hAirteagal 11(4) den bhun-Rialachán. De bhun Airteagal 1 den Rialachán sin, sannadh an cód breise TARIC A023 do Server Star.

---

[1] IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

[2] Rialachán (CE) Uimh. 1193/2008 ón gComhairle an 1 Nollaig 2008 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach na dleachtanna sealadacha arna bhforchur ar allmhairí aigéid chitrigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 323, 3.12.2008, lch. 1).

[3] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/82 ón gCoimisiún an 21 Eanáir 2015 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid chitrigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle agus páirt-athbhreithnithe eatramhacha de bhun Airteagal 11(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 (IO L 15, 22.1.2015, lch. 8).

[4] Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 343, 22.12.2009, lch 51).

[5] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/607 ón gCoimisiún an 14 Aibreán 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid chitrigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna leathnú chun allmhairí aigéid chitrigh a chuirtear chun bealaigh ón Malaeisia a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) den Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 129, 15.4.2021, lch. 73).

[6] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/185 ón gCoimisiún an 27 Eanáir 2023 lena dtionscnaítear athbhreithniú 'onnmhaireora nua' i ndáil le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/607 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid chitrigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, ar athbhreithniú é le haghaidh táirgeoir onnmhairiúcháin amháin de chuid na Síne, agus lena n-aisghairtear an dleacht maidir le hallmhairí ón táirgeoir onnmhairiúcháin sin agus lena gcuirtear na hallmhairí sin faoi réir a gcláraithe (IO L 26, 30.1.2023, lch. 11).

(5) Thairis sin, de bhun Airteagal 3 den Rialachán Tionscnaimh, tugadh treoir do na húdaráis chustaim na céimeanna iomchuí a ghlacadh chun na hallmhairí a shainmhínítear in Airteagal 1 den Rialachán Tionscnaimh a chlárú ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin chéanna. De réir Airteagal 5 den Rialachán Tionscnaimh, tháinig sé i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ó foilsíodh an Rialachán Tionscnaimh an 30 Eanáir 2023, ba cheart na hallmhairí iomchuí a chlárú ón 31 Eanáir 2023 ar aghaidh.

(6) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2180 ([7]), thug an Coimisiún an t-athbhreithniú 'onnmhaireora nua' i gcrích agus chuir sé Seven Star le liosta na gcuideachtaí a bhfuil rátaí dleachta aonair acu. De bhun Airteagal 1 den Rialachán sin, sannadh go mícheart cód breise TARIC A032 do Seven Star. Is é A023 an cód breise TARIC ba cheart a bheith ann.

(7) Le hAirteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme 2023/2180, tugadh treoir do na húdaráis chustaim scor de chlárú allmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh na Síne arna tháirgeadh ag Seven Star agus chun an ráta dleachta frithdhumpála a thobhach go cúlghabhálach. Sonraíodh go mícheart in Airteagal 2 gur cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ag an dleacht ón 30 Eanáir 2023 ar aghaidh. Is é an 31 Eanáir 2023 an dáta ceart le haghaidh chur i bhfeidhm cúlghabhálach na dleachta frithdhumpála ba cheart a bheith ann.

(8) Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún Airteagal 1 agus Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2180 a cheartú chun na hearráidí a luaitear in aithris (6) agus (7) a cheartú. Ba cheart éifeacht a bheith leis an gceartú sin ó theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2180, is é sin an 18 Deireadh Fómhair 2023.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla in Airteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2180:

'Cuideachta	Dleacht frithdhumpála	Cód breise TARIC
Seven Star Lemon Technology co., Ltd	31,5 %	A023'

2. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2180:

'Tugtar treoir do na húdaráis chustaim leis seo scor de chlárú allmhairí an táirge lena mbaineann de thionscnamh na Síne arna tháirgeadh ag Seven Star Lemon Technology co., Ltd. agus chun an ráta dleachta mar a shonraítear in Airteagal 1 a thobhach go cúlghabhálach ón 31 Eanáir 2023.'

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 18 Deireadh Fómhair 2023.

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2180 ón gCoimisiún an 16 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/607 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí aigéid chitrigh de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna leathnú chun allmhairí aigéid chitrigh a chuirtear chun bealaigh ón Malaeisia a chumhdach, bíodh dearbhú ann gur de thionscnamh na Malaeisia iad nó ná bíodh, tar éis athbhreithniú 'onnmhaireora nua' de bhun Airteagal 11(4) den Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 2023/2180, 17.10.2023, , ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/2180/oj).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN